
AN t-ÚDARÁS UM CHOSAINT IASCAIGH MHARA

SEA-FISHERIES PROTECTION AUTHORITY

BIA MARA SÁBHÁILTE INBHUNAITHE

SAFE SUSTAINABLE SEAFOOD



# Plean Straitéiseach 2024 - 2026


# Clár an ábhair


1. Comhthéacs — Leathanach 02

2. Maidir le ÚCIM — Leathanach 06

3. Fís, Misean, Luachanna & Spriocanna — Leathanach 09

4. Spriocanna – Straitéis go Gníomh — Leathanach 11



# 1. Comhthéacs





# Réamhrá ón gCathaoirleach

## Leagtar amach sa Phlean Straitéiseach seo 2024-2026 spriocanna an Údaráis um Chosaint Iascaigh Mhara (ÚCIM), ina sonraítear clár forbartha don tréimhse go dtí deireadh 2026.

Cé go bhfuil sainordú ÚCIM leagtha amach san Acht Iascaigh Mhara & Dlínse Muirí 2006, ní mór dár straitéis a bheith cothrom le dáta maidir le leasuithe ar an gcreat rialála go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tógann an straitéis seo ar an obair a rinneadh mar gheall ar an Athbhreithniú ar Chumas Eagrúcháin an Údaráis Iascaigh Mhara in 2020 agus ar straitéisí ÚCIM roimhe seo.

Tugtar deis lenár straitéis nua ár bhFís, ár Misean agus ár Luachanna mar Chomhlacht Poiblí agus an tÚdarás inniúil atá freagrach as raon leathan gníomhaíochtaí tábhachtacha lena dtacaítear le hinbhuanaitheacht stoc éisc agus lena dtugtar dearbhú do thomhaltóirí bia mara a chur in iúl. Dírítear lenár Spriocanna Straitéiseacha ar thrí phríomhréimse,eadhon;

- **Iascach Mara agus Sábháilteacht Bia Mara a Chosaint,**
- **Sármhaitheas Eagraíochtúil; agus**
- **Cumarsáid agus Rannpháirtíocht**

Ag teacht le Straitéis níos leithne an Rialtais agus na Seirbhíse Poiblí cuirfimid éifeachtúlacht eagraíochtúil chun cinn trí thacaíocht den scoth don fhoireann, agus trí phróisis, córais agus bainistíocht sonraí agus úsáid sonraí a fhorbairt. Mar chuid lárnach de seo, beidh clár uaillmhianach digitithe a mbeidh sé mar aidhm aige cur ar chumas ÚCIM a shainordú mar rialtóir a sheachadadh go barrmhaith.

Tá sé mar aidhm ag an straitéis seo seasamh ÚCIM a fheabhsú mar rialtóir éifeachtach, mar fhostóir a bhfuil tóir air, mar rannpháirtí gníomhach in aistear na hÉireann maidir le gníomhú ar son haeráide agus mar gheallsealbhóir tábhachtach inár n-éiceachóras táirgthe bia domhanda. Táim ag tnúth le bheith ag obair lenár bhfoireann, lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara agus i gComhlachtaí Stáit eile agus le gach páirtí leasmhar atá bainteach leis an earnáil bia mara chun na huaillmhianta atá againn a bhaint amach.



**An tUasal Paschal Hayes**

CATHAOIRLEACH FEIDHMIÚCHÁIN



## Réamhrá

Cuirtear i láthair sa Phlean Straitéiseach 2024 – 2026 spriocanna an Údaráis um Chosaint Iascaigh Mhara (ÚCIM) agus clár oibre uaillmhianach trí bliana. Tá sé mar aidhm ag an bplean seo rialáil éifeachtach a dheimhniú ar earnálacha iascaigh mhara agus táirgeadh bia mara na hÉireann, lena gcuirtear leis an méid a baineadh amach roimhe seo agus ina leagtar amach gníomhartha chun éabhlóid agus tionchar na heagraíochta a chur chun cinn.

## Cúlra

Tá athruithe suntasacha feicthe ag ÚCIM agus feiceann sé athruithe suntasacha fós. Athrú dearfach don eagraíocht a bhí i gceist cuid mhaith, é mar thoradh ar chur i bhfeidhm gníomhaíochtaí a d'eascair as athbhreithniú a rinneadh in 2020 ar chumas na heagraíochta. Tá Údarás agus Bord Bainistíochta nua ann chomh maith le hathruithe eile ar bhainistíocht shinsearach idir earcú foirne chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar ghníomhartha a aithníodh i Ráiteas Straitéise 2021 – 2023, agus an t-athbhreithniú ar chumas na heagraíochta.

Léirítear sa Phlean Straitéiseach 2024 – 2026 an timpeallacht ina bhfeidhmíonn ÚCIM agus aithnítear ann Plean Rialaithe Iascaigh Mhara arna fhormheas ag an Aontas Eorpach, plean a cuireadh i bhfeidhm go luath in 2023, na hiarmhairtí leanúnacha a bhaineann le Brexit agus na hathruithe suntasacha ar an bhfoireann. Cinntítear leis an bPlean Straitéiseach 2024 – 2026 go mbeidh rialáil maidir le comhlíonadh, cigireacht agus forfheidhmiú ag croílár na heagraíochta. Tá gach sprioc agus gníomh eile ann chun na cuspóirí uileghabhálacha seo a chumasú.



## Anailís ar an gComhshaol


Fuair ÚCIM faomhadh ón gCoimisiún Eorpach chun Plean Rialaithe Iascaigh Mhara nua a chur i bhfeidhm ó thús 2023 lena gceadaíear iasc a mheá in áitreabh formheasta tar éis iad a iompar.

Éilíonn sé seo acmhainní agus leithdháileadh ama chun cur i bhfeidhm éifeachtach an Phlean Rialaithe seo a dheimhniú, gan cur isteach ar fhorfheidhmiú dlíthe iascaigh mhara agus dlíthe sábháilteachta bia. Lena chois sin, beidh dúshláin ann ó thaobh acmhainní de mar gheall ar Rialacháin athbhreithnithe an Aontais Eorpaigh maidir le Rialú ar Iascach.

Mar phríomhrialóir an dlí iascaigh mhara agus an dlí um shábháilteacht bia mara, leanann ÚCIM den chur in oiriúint do na hathruithe suntasacha a thig as Brexit chun trádáil leis an RA mar Thríú Tír a éascú, agus ag an am céanna cuireann sé comhlíonadh chun cinn agus déanann sé iascaireacht mhídhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialaithe (IUU) a chosc. Mar gheall ar rolladh amach céimneach na rialuithe allmhairithe nua ag an RA, tá méadú suntasach tagtha ar an éileamh ar acmhainní do ÚCIM.

Fearach cuid mhór eagraíochtaí eile tar éis na paindéime COVID-19, tá ÚCIM tar éis athruithe suntasacha ó thaobh pearsanra de a fheiscint, rud a fhágann go bhfuil gá méadaithe le hoiliúint éifeachtach agus breisoiliúint chun éifeachtúlacht oibriúcháin a choinneáil laistigh den eagraíocht. Lena chois sin, d'aithin ÚCIM an tábhacht a bhaineann lena dheimhniú nach gcailltear an Misean, an Fhís agus na Spriocanna nó nach gclaontar iad óna mbunús leis na hathruithe seo ó thaobh pearsanra.

Chomh maith leis na tosca comhshaoil eagraíochtúla níos láithrí, ar fud an domhain tá gach eagraíocht ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin agus na buntáistí a bhaineann le digitiú méadaitheach, uirlisí sonraí agus anailísíocht feabhsaithe agus le hinbhuanaitheacht a neadú.



## Go raibh maith agaibh

Forbraíodh an Plean Straitéiseach seo le hionchur ó roinnt páirtithe leasmhara, lena n-áirítear comhpháirtithe seachtracha agus tosaíocht thábhachtach don Údarás sna blianta atá le teacht is ea leanúint de bheith ag cothú naisc níos láidre leis na comhpháirtithe sin.

Ba mhaith leis an Údarás buíochas a ghabháil le gach duine a chuidigh le forbairt an Ráitis Straitéise sin agus táimid ag tnúth le bheith ag obair go dlúth agus go comhoibríoch le comhghleacaithe agus comhpháirtithe de chuid ÚCIM maidir lena chur i bhfeidhm éifeachtach.

# 2. Maidir le ÚCIM







## Cé Muid Féin

Is é ÚCIM údarás inniúil na hÉireann a bhfuil sé de chúram air inbhuanaitheacht iascaigh mhara inár gCrios Eacnamaíoch Eisiach a chosaint agus sábháilteacht bia mara a chinntiú do thomhaltóirí chomh maith le tacú le trádáil bia mara – is é an ról atá againn ná an earnáil bia mara a rialáil chun tacú le bia mara atá sábháilte agus inbhuanaithe.



## Príomhfheidhmeanna

Bunaíodh an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (ÚCIM) faoi fhorálacha an Achta Iascaigh Mhara agus Dlínse Mhirí 2006 ("an tAcht") agus feidhmíonn sé faoi choimirce na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.

**Tá príomhfheidhmeanna ÚCIM leagtha amach in Alt 43 den Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí 2006. Is iad sin:**

- **Forfheidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil an dlí iascaigh mhara agus an dlí um shábháilteacht bia a áirithiú.**
- **Comhlíonadh an dlí iascaigh mhara agus an dlí um shábháilteacht bia agus cosc ar sháruithe ar an ndlí sin a chur chun cinn.**
- **Sáruithe ar dhlí iascaigh mhara agus ar dhlí sábháilteachta bia a bhrath.**
- **Faisnéis a sholáthar do na hearnálacha iascaigh mhara agus bia mara maidir le dlí iascaigh mhara agus maidir le dlí sábháilteachta bia agus maidir le hábhair ábhartha laistigh de shainchúram an Údaráis, tríd an gCoiste Comhairliúcháin nó trí mhodh ar bith eile is cuí leis.**
- **Comhairle a thabhairt don Aire maidir le beartas i dtaca le forfheidhmiú éifeachtach an dlí iascaigh mhara agus an dlí um shábháilteacht bia.**
- **Cúnamh agus faisnéis a sholáthar don Aire maidir le sainchúram an Údaráis.**
- **Sonraí a bhailiú agus a thuairisciú maidir le hiascaigh mhara agus sábháilteacht bia mar a éilíonn an tAire agus faoi dhlí an Chomhphobail.**
- **Ionadaíocht a dhéanamh nó cabhrú le hionadaíocht an Stáit ag fóraim náisiúnta, pobail agus idirnáisiúnta de réir mar a iarrann an tAire; agus**
- **Dul i mbun aon ghníomhaíochtaí eile a bhaineann le feidhmeanna an Údaráis de réir mar a cheadóidh an tAire.**

# Cad a Dhéanaimid

Príomhghníomhaíochtaí

## Rialú Iascaigh Mhara

*Comhlíonadh, Iniúchadh agus Forfheidhmiú*

Is é ÚCIM an t-údarás inniúil atá freagrach as maoirsiú agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh na ndlíthe agus na rialacháin iascaigh in earnáil iascaigh mhara na hÉireann.

## Sábháilteacht Bia Mara

*Comhlíonadh, Iniúchadh agus Forfheidhmiú*

Is é ÚCIM an t-údarás inniúil atá freagrach as forfheidhmiú an dlí bia san earnáil bia mara suas go dtí an pointe miondíola.

## Éascú Trádála

Tacaíonn ÚCIM le héascú trádála trí dheimhnithe sláinte agus gabhála a phróiseáil agus trí rialuithe oifigiúla a chur i bhfeidhm ar allmhairí agus onnmhairí lena dheimhniú go gcomhlíontar dlíthe iascaigh mhara agus córais láidre sábháilteachta bia mara atá ríthábhachtach do chlú na hÉireann mar mhór-onnmhaireoir bia.


## Caomhantachas agus Aeráid

Tacaíonn ÚCIM le hiascaireacht inbhuanaithe agus leis an aeráid. Mar shampla, déanfaidh ÚCIM treochlár maidir le gníomhú ar son na haeráide a rolladh amach in 2024 agus leanfaidh sé de ghníomhaíochtaí a ailíniú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna) atá ábhartha don Údarás.

## Comhairle, Faisnéis, Sonraí agus Staitisticí a sholáthar don Phobal

Tugann ÚCIM comhairle don Rialtas, d'eintitis phoiblí agus don phobal maidir le harnáil iascaigh mhara agus bia mara na hÉireann. Mar eagraíocht atá bunaithe ar shonraí, tá an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara tiomanta do phrionsabail na Sonraí Oscailte, i gcomhréir leis an straitéis náisiúnta um shonraí oscailte.

# 3. Fís, Misean, Luachanna & Spriocanna







## Ár bhFís

Is í an fhís atá againn ná rialtóir éifeachtach a bheith ann a fhorfheidhmíonn dlí iascaigh mhara agus sábháilteachta bia mara, a thacaíonn le hiascaireacht inbhuanaithe, a chinntíonn bia mara atá sábháilte do thomhaltóirí agus a chumasaíonn Trádáil Bhia Mara na hÉireann.

## Ár Misean

Tá ÚCIM tiomanta do dhlí iascaigh mhara agus sábháilteachta bia mara a chur i bhfeidhm a thacaíonn le hinbhuanaitheacht Iascaigh Mhara agus bia mara sábháilte na hÉireann do thomhaltóirí sa bhaile agus thar lear.

## Ár Luachanna

Ionracas
Neamhspleáchas
Neamhchlaontacht
Nuálaíocht
Uileghabhálacht

## Spriocanna

### SPRIOC 1

**Iascach Mara agus Sábháilteacht Bia Mara a Chosaint**

Inbhuanaitheacht iascaigh mhara agus sábháilteachta bia mara a chosaint trí chomhlíonadh agus forfheidhmiú rialacháin a chur chun cinn go héifeachtach.

### SPRIOC 2

**Sármhaitheas Eagraíochtúil**


Éifeachtúlacht eagraíochtúil a chur chun cinn trí thacaíocht den scoth don fhoireann, próisis, córais agus sonraí, rialachas agus bainistíocht riosca.

### SPRIOC 3

**Cumarsáid agus Rannpháirtíocht**

Saineolas agus ceannaireacht a léiriú sna hearnálacha iascaigh mhara agus bia mara trí chumarsáid, comhpháirtíocht, abhcóideacht agus comhairle.

# 4. Spriocanna - Straitéis go Gníomh







# Sprioc 1: Iascach Mara agus Sábháilteacht Bia Mara a Chosaint

## Inbhuanaitheacht iascaigh mhara agus sábháilteachta bia mara a chosaint trí chomhlíonadh agus forfheidhmiú rialacháin a chur chun cinn go héifeachtach.

| CÚLRA | GNÍOMH | TORADH | ETF |
|---|---|---|---|
| **Comhlíonadh an dlí iascaigh mhara a chur chun cinn** | 1. Fógraí Faisnéise a fhoilsiú go leanúnach ar shuíomh gréasáin ÚCIM chun cabhrú leis an tionscal ceanglais ábhartha reachtaíochta iascaigh mhara a thuiscint agus a chomhlíonadh.<br>2. Feachtas for-rochtana bliantúil a chur i bhfeidhm lena ndírítear ar thionscal an iascaigh mhara chun tuiscint an tionscail ar riachtanais reachtaíochta iascaigh mhara a mhéadú. | 1. Tuiscint an tionscail ar cheanglais maidir le comhlíontacht rialála iascaigh mhara a mhéadú trí chur chun cinn gníomhach. Tabharfar treoir do pháirtithe leasmhara maidir le comhlíonadh na reachtaíochta rialála trí threoirlínte soiléire a sholáthrófar maidir le ceisteanna casta. Deis chun faisnéis a thabhairt don tionscal faoi na cenaglais i Rialachán nua an Aontais Eorpaigh maidir le Rialú ar Iascach. | 1. Fógraí Faisnéise a fhoilsiú maidir le príomhréimsí le haghaidh reachtaíocht nua agus athbhreithnithe iascaigh mhara laistigh de shé seachtaine ó fhoilsiú na reachtaíochta.<br>2. Eolas cothrom le dáta a fhoilsiú go bliantúil maidir le seachadadh feachtais for-rochtana atá dírithe ar thionscal an iascaigh mhara. |
| **Comhlíonadh an dlí um shábháilteacht bia mara a chur chun cinn** | 1. Fógraí Faisnéise a fhorbairt agus a scaipeadh ar shuíomh gréasáin ÚCIM maidir le reachtaíocht sábháilteachta bia mara chun cabhrú leis an tionscal ceanglais dlí a thuiscint agus cloí leo.<br>2. Feachtas for-rochtana bliantúil a chur i bhfeidhm don tionscal bia mara ag díriú ar cheanglais reachtúla maidir le sábháilteacht bia mara.<br>3. Feachtas faisnéise maidir le sábháilteacht bia mara do thomhaltóirí a reáchtáil gach bliain chun feasacht an phobail ar chaighdeáin reachtacha a chur chun cinn.<br>4. Ceardlann oideachais bhliantúil a eagrú ar shábháilteacht bia mara i gcomhar le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, agus béim á leagan ar chomhlíonadh agus ar thuiscint reachtaíochta. | 1. Tuiscint an tionscail ar na riachtanais maidir le comhlíontacht sábháilteachta bia mara a mhéadú trí chur chun cinn gníomhach. Tabharfar treoir do pháirtithe leasmhara maidir le comhlíonadh na reachtaíochta rialála trí threoirlínte soiléire a sholáthrófar maidir le ceisteanna casta. | 1. Fógraí Faisnéise a fhoilsiú maidir le príomhréimsí le haghaidh reachtaíochta nua agus athbhreithnithe i dtaca le sábháilteacht bia mara laistigh de shé seachtaine ó fhoilsiú na reachtaíochta.<br>2. Eolas cothrom le dáta a fhoilsiú go bliantúil maidir le seachadadh feachtais for-rochtana atá dírithe ar thionscal an iascaigh mhara.<br>3. Eolas cothrom le dáta a fhoilsiú go bliantúil maidir le seachadadh an fheachtais faisnéise i dtaca le sábháilteacht bia mara do thomhaltóirí.<br>4. Eolas cothrom le dáta a fhoilsiú go bliantúil maidir leis an gceardlann oideachais um shábháilteacht bia mara a reáchtáiltear i gcomhar le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. |





# Sprioc 1: Iascach Mara agus Sábháilteacht Bia Mara a Chosaint

## Inbhuanaitheacht iascaigh mhara agus sábháilteachta bia mara a chosaint trí chomhlíonadh agus forfheidhmiú rialacháin a chur chun cinn go héifeachtach.

| CÚLRA | GNÍOMH | TORADH | ETF |
|---|---|---|---|
| **Cigireachtaí agus measúnuithe a dhéanamh ar iascaigh mhara** | 1. Cigireachtaí a dhéanamh mar atá leagtha amach sa Chlár Cigireachta Iascaigh.<br>2. Measúnú riosca ar áitribh cheadaithe le bheith críochnaithe faoi dheireadh Eanáir agus measúnú riosca ar iascaigh, ar ranna cabhlaigh agus ar árthaigh le bheith críochnaithe faoi dheireadh R1. | 1. Clár rialaithe iniúchta riosca-bhunaithe éifeachtach agus leibhéil mhéadaithe comhlíontachta. | 1. Líon iomlán na gcigireachtaí a rinneadh de réir an chur chuige riosca-bhunaithe a fhoilsiú.<br>2. Measúnuithe riosca curtha i gcrích in am agus rátaí comhlíontachta tomhaiste trí úsáid a bhaint as an gcóras VALID. |
| **Cigireachtaí agus measúnuithe a dhéanamh maidir le sábháilteacht bia mara** | 1. Cigireachtaí a dhéanamh mar atá leagtha amach sa Phlean Rialaithe Náisiúnta.<br>2. A chinntiú go ndéantar measúnú riosca ar áitribh faofa ag leibhéal an chalafoirt faoi dheireadh Eanáir ionas go mbeidh EFTanna sainithe agus leagtha amach sna pleananna gnó náisiúnta agus calafoirt. | 1. Clár rialaithe iniúchta riosca-bhunaithe éifeachtach agus leibhéil mhéadaithe comhlíontachta. | 1. Tuairisc a thabhairt ar líon iomlán na gcigireachtaí a rinneadh ar bhonn ráithiúil, críochnaithe de réir an chur chuige riosca-bhunaithe.<br>2. Eisítear spriocanna tráth nach déanaí ná deireadh mhí Eanáir ar bhonn bliantúil. |
| **Trádála a éascú chun an trádáil bia mara a chosaint** | 1. Cigireacht agus deimhniú ar onnmhairí agus allmhairí bia mara. | 1. Deimhniúchán chun tacú le trádáil bia mara agus é a chosaint. | 1. Líon na ndeimhnithe Sláinte a eisíodh a fhoilsiú.<br>2. Líon na ndeimhnithe IUU eisithe a fhoilsiú. |
| **Forfheidhmiú i gcoinne na ndaoine a sháraíonn an dlí iascaigh mhara Náisiúnta nó Eorpach** | 1. Gníomh forfheidhmithe a dhéanamh nuair is cuí agus/nó pointí a chur i bhfeidhm maidir le sáruithe. | 1. Cur i bhfeidhm éifeachtach na reachtaíochta chun inbhuanaitheacht agus sláinte an phobail a chosaint. | 1. Líon na nGníomhaíochtaí Forfheidhmithe maidir le hiascaigh mhara a thuairisciú - Líon na mbrath a seoladh chuig an DPP agus na huimhreacha arna gcinneadh ag na Cúirteanna arna miondealú idir CC agus DC.<br>2. Líon na gcásanna inar eisíodh pointí mar gheall ar sháruithe tromchúiseacha a thuairisciú do Cheadúnaithe agus do Mháistreachta. |
| **Forfheidhmiú i gcoinne na ndaoine a sháraíonn an dlí náisiúnta nó Eorpach um shábháilteacht bia mara** | 1. Gníomh forfheidhmithe a ghlacadh nuair a tharlaíonn neamhchomhlíonadh. | 1. Cur i bhfeidhm éifeachtach na reachtaíochta. | 1. Tuairisc a thabhairt, ar bhonn ráithiúil, ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe maidir le sáruithe sábháilteachta bia - fógraí forfheidhmithe (a. fógra comhlíonta, b. fógra pionóis sheasta, c. fógra feabhsúcháin, d. ordú foilsithe) agus ionchúisimh. |

# Sprioc 2: Sármhaitheas Eagraíochtúil

## Éifeachtúlacht eagraíochtúil a chur chun cinn trí thacaíocht den scoth don fhoireann, próisis, córais agus sonraí, rialachas agus bainistíocht riosca.

| CÚLRA | GNÍOMH | TORADH | ETF |
|---|---|---|---|
| **Leanúint de bheith ag tacú lenár ndaoine agus iad a fhorbairt** | 1. Torthaí ón iniúchadh cultúrtha a chur i bhfeidhm laistigh de na hamlínte atá leagtha amach sa tuarascáil iniúchta cultúir.<br>2. Deiseanna iasachta sealadacha a fhiosrú don fhoireann ar fad ar fud na heagraíochta.<br>3. Leanúint le deiseanna foghlama agus forbartha a chruthú don fhoireann ar fad e.g. i gcás fhoireann an chalafoirt - imscaradh comhpháirteach le EFCA, patróil easnacha agus dualgas scoite.<br>4. Cur i bhfeidhm leanúnach phrótacal ÚCIM maidir le Caidreamh Tionsclaíoch.<br>5. An Straitéis L&D a rolladh amach. | 1. Deiseanna feabhsaithe foghlama agus forbartha trí oiliúint agus foghlaim ó thaithí.<br>2. Rannpháirtíocht éifeachtach foirne agus bainistíochta.<br>3. Réiteach tráthúil a fháil ar fhadhbanna a bhaineann le Caidreamh Tionsclaíoch. | 1. Torthaí forfheidhmithe laistigh de na hamlínte atá leagtha amach sa tuarascáil iniúchta cultúir.<br>2. Beartas i bhfeidhm.<br>3. Plean Foghlama & Forbartha i bhfeidhm.<br>4. Reáchtáladh cruinnithe rialta faoi phrótacal comhaontaithe IR chun réiteach níos tráthúla ar shaincheisteanna CT a dheimhniú.<br>5. Rolladh amach leanúnach na straitéise L&D. |
| **An eagraíocht a chur chun cinn i dtreo dea-chleachtais maidir le próisis agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a thacaíonn leis an bhfoireann agus a thiomáineann sármhaitheas eagraíochtúil** | 1. Creat forbartha agus úinéireachta a chomhaontú trí chomhairliúchán idir forbróirí próisis agus saineolaithe oibríochtúla a oibríonn ag leibhéal an Chalafoirt.<br>2. Doiciméadú próisis agus doiciméid nós imeachta a fhorbairt nuair is gá.<br>3. Forbairt EFTanna croíphróisis agus cur chuige tomhais chun tacú le timthriall feabhsúcháin leanúnaigh. | 1. Cur chuige comhsheasmhach, optamaithe ar fud na heagraíochta maidir le dearadh, seachadadh agus cur i gcrích próisis. | 1. Creat forbartha agus úinéireachta comhaontaithe do Léarscáileanna Próisis / SOPS.<br>2. Léarscáileanna próisis ar fáil do gach príomhphróiseas.<br>3. Méadracht próisis i bhfeidhm do gach príomhphróiseas. |





# Sprioc 2: Sármhaitheas Eagraíochtúil

## Éifeachtúlacht eagraíochtúil a chur chun cinn trí thacaíocht den scoth don fhoireann, próisis, córais agus sonraí, rialachas agus bainistíocht riosca.

| CÚLRA | GNÍOMH | TORADH | ETF |
|---|---|---|---|
| **Seirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide ardchaighdeáin a sholáthar chun tacú lenár ndaoine agus le misean na heagraíochta a sheachadadh** | 1. Aistriú teicniúil chuig OGCIO de líne feidhmchláir gnó agus seirbhísí lárnacha TFC.<br>2. Straitéis Cibearshlándála a fhorbairt.<br>3. Córais nua iniúchta a fhorbairt le haghaidh rialuithe iascaigh agus sábháilteacht bia.<br>4. Cur chuige dea-chleachtais bainistíochta tionscadail a neadú i seachadadh seirbhísí TFC don ÚCIM. | 1. Bonneagar agus tacaíocht TFC ar ardchaighdeán a sholáthar don eagraíocht i gcomhpháirtíocht le OGCIO agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.<br>2. Leanann cleachtais agus nósanna imeachta treisithe cibearshlándála chun príobháideacht, sláine agus rúndacht sonraí a dheimhniú de bheith ina ngné ríthábhachtach den chaoi ina seachadann an eagraíocht a sainchúram.<br>3. Seirbhís Iniúchta a ghiaráil TFC atá chun tosaigh sa tionscal, a mhéadaíonn próisis dhigitithe agus a sholáthraíonn ardán don eagraíocht le haghaidh nuálaíochta sa todhchaí i seachadadh a sainchúraim.<br>4. Cultúr bainistíochta tionscadal, arna bhunú ar fud na heagraíochta, i seachadadh tionscadal (TFC agus neamh-TFC) a dhíríonn ar na torthaí is fearr don eagraíocht trí úsáid is fearr a bhaint as acmhainní. | 1. Aistriú teicniúil chuig OGCIO críochnaithe.<br>2. Straitéis Cibearshlándála tugtha chun críche.<br>3. Córas iniúchtaí nua forbartha agus curtha i bhfeidhm ar fud na heagraíochta.<br>4. Seachadadh gach tionscadal EMFAF agus Claochlú Digiteach faoi mhaoirseacht an Bhoird um Rialachas Tionscadal. |





# Sprioc 2: Sármhaitheas Eagraíochtúil

## Éifeachtúlacht eagraíochtúil a chur chun cinn trí thacaíocht den scoth don fhoireann, próisis, córais agus sonraí, rialachas agus bainistíocht riosca.

| CÚLRA | GNÍOMH | TORADH | ETF |
|---|---|---|---|
| **Leanúint den aistear i dtreo a bheith mar an eagraíocht sonraí-tiomáinte 'is fearr i measc phiaraí'.** | 1. Cur ar chumas na foirne córais faisnéise gnó nua a ghiaráil go héifeachtach.<br>2. Dul i dteagmháil le foirne oibríochtaí agus leis an mbainistíocht chun sraith tuarascálacha nua a sholáthar a dhíreoidh ar thacú le gníomhaíochtaí oibríochtúla.<br>3. Creat rialachais sonraí agus sócmhainní sonraí a fhorbairt, lena n-áirítear foclóir agus gluais sonraí.<br>4. Forbairt agus foilsiú féilire de phríomhaschur sonraí ón aonad sonraí.<br>5. Soláthar córais sonraí aontaithe chun tacú le príomhfheidhmeanna na heagraíochta. | 1. Cultúr bunaithe ar shonraí i bhfeidhm: Cáilíocht, bainistíocht agus rialachas sonraí níos láidre.<br>2. Luach a bhaintear as sonraí trí staitisticí agus léargas anailíseach a chruthú.<br>3. Tá an chinnteoireacht bunaithe ar staitisticí láidre, a dhíorthaítear ó na sonraí atá ar fáil.<br>4. Tiomantas do Shonraí mar shócmhainn phoiblí.<br>5. Córais sonraí aontaithe chun tacú le feidhmeanna lárnacha. | 1. Cuireadh oiliúint ar fáil don fhoireann ar fad i dtuarascálacha faisnéise gnó nua.<br>2. Sraith de thuarascálacha oibriúcháin nua i bhfeidhm.<br>3. Creat rialachais sonraí i bhfeidhm agus foclóir sonraí agus gluais forbartha.<br>4. Féilire Aschuir Staidrimh foilsithe.<br>5. Fuarthas arduirlisí anailíse sonraí agus críochnaíodh babhta tosaigh oiliúna foirne. |






# Sprioc 2: Sármhaitheas Eagraíochtúil

## Éifeachtúlacht eagraíochtúil a chur chun cinn trí thacaíocht den scoth don fhoireann, próisis, córais agus sonraí, rialachas agus bainistíocht riosca.

| CÚLRA | GNÍOMH | TORADH | ETF |
|---|---|---|---|
| **Struchtúr rialachais láidir agus creat Bainistíochta Riosca a chothabháil** | 1. Leanúint de bheith ag ag cloí leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 (arna leasú) agus leis na hoibleagáidí pleanála agus tuairiscithe ar fad i gcomhaontú maoirsithe agus feidhmíochta ÚCIM leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM).<br>2. Cur chuige bainistíochta riosca, faireacháin agus tuairiscithe a chothabháil, lena n-áirítear úsáid an chláir rioscaí (mar atá leagtha amach sa Treoir um Bainistíocht Riosca faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016). | 1. Cloí le caighdeáin rialachais chorparáidigh agus bainistíochta riosca. | 1. Ráitis airgeadais bhliantúla deimhnithe ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoin 30 Meitheamh gach bliain.<br>2. Comhthuarascáil deiridh Béarla/Gaeilge curtha faoi bhráid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara laistigh de mhí amháin ó theastas iniúchta an ARC&C.<br>3. Deimhniú go bhfuil riosca á bhainistiú i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016. |





# Sprioc 2: Sármhaitheas Eagraíochtúil

## Éifeachtúlacht eagraíochtúil a chur chun cinn trí thacaíocht den scoth don fhoireann, próisis, córais agus sonraí, rialachas agus bainistíocht riosca.

| CÚLRA | GNÍOMH | TORADH | ETF |
|---|---|---|---|
| **Tuarascáil ar ETFanna na Straitéise** | 1. Údarás chun tuarascáil a ullmhú ar an dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na straitéise. | 1. Próiseas tuairiscithe dea-shainithe agus éifeachtach don Straitéis. | 1. Críochnaítear agus foilsítear tuarascálacha ráithiúla ar an dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na straitéise. |
| **Ailíniú na Straitéise, an Plean Corparáideach bliantúil agus pleananna bliantúla an Aonaid Ghnó a dheimhniú** | 1. Sraith chomhtháite de ETFanna a fhorbairt ag leibhéal straitéiseach/oibríochtúil ag baint úsáid as an gcreat SMART trasna na Straitéise, an Phlean Chorparáidigh agus na bpleananna BU agus ag cloí le húinéirí ETFanna go bhfuil ETFanna sainithe go maith, indéanta agus ábhartha.<br>2. Creat a fhorbairt le haghaidh tuairiscithe thar gach leibhéal den straitéis bainistíochta feidhmíochta agus EFTanna. | 1. Tá pleananna bliantúla aonad gnó agus ETFanna ailínithe leis an Straitéis agus leis an bPlean Corparáideach bliantúil.<br>2. Próiseas tuairiscithe éifeachtach agus feidhmiúil do na ETFanna ó leibhéal na heagraíochta go leibhéal an aonaid ghnó. | 1. ETFanna i bhfeidhm ó leibhéal na Straitéise go dtí leibhéal an Aonaid Ghnó.<br>2. Creat tuairiscithe i bhfeidhm. |
| **Cultúr nuálaíochta a leabú** | 1. Straitéis nuálaíochta a fhorbairt. | 1. Cultúr nuálaíoch a bhainfidh leas as saineolas ar fud na hEagraíochta chun luach ar airgead a sholáthar agus freagairt d'athrú ina timpeallacht oibriúcháin. | 1. Straitéis nuálaíochta foilsithe.<br>2. Plean gníomhaíochta don straitéis nuálaíochta i bhfeidhm.<br>3. Rianú bliantúil feidhmíochta i gcomparáid le plean gníomhaíochta straitéise nuálaíochta. |
| **Cultúr Aeráide agus Éifeachtúlachta Fuinnimh a leabú laistigh den eagraíocht** | 1. Treochlár ÚCIM maidir le Gníomhú ar son na Aeráide a rolladh amach agus a chur i bhfeidhm. | 1. Dul chun cinn dearbhaithe maidir le gníomhú ar son na haeráide i dtéarmaí na spriocanna rialtais 2030 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. | 1. Plean Gníomhaíochta Treochláir maidir le Gníomhú ar son na hAeráide a rolladh amach agus a chur i bhfeidhm. |

# Sprioc 3: Cumarsáid agus Rannpháirtíocht

## Saineolas agus ceannaireacht a léiriú sna hearnálacha iascaigh mhara agus bia mara trí chumarsáid, comhpháirtíocht, abhcóideacht agus comhairle.

| CÚLRA | GNÍOMH | TORADH | ETF |
|---|---|---|---|
| **Comhairle a thabhairt don Aire maidir le beartas agus cúnamh agus faisnéis a sholáthar don Aire maidir le sainchúram an Údaráis** | 1. "Nótaí Comhairle don Aire" a eisiúint de réir mar is gá.<br>2. Freagairt ar fhiosrúcháin i gcomréir leis an MT idir an Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara agus ÚCIM de réir mar is gá.<br>3. Freagair a thabhairt ar cheisteanna maidir le Ceadúnais Imeall Trá & Dobharshaothraithe. | 1. Acmhainní a sholáthar chun tacú leis an Aire agus chun cabhrú leis de réir an ghealltanais chomhaontaithe. | 1. Líon na "Nótaí Comhairle don Aire" a eisíodh.<br>2. Líon na bhfiosrúchán a freagraíodh i gcomhréir leis an Meabhrán Tuisceana idir an Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara agus ÚCIM.<br>3. Líon na bhfiosrúchán maidir le Ceadúnais Imeall Trá & Dobharshaothraithe a freagraíodh. |
| **Dul i mbun plé le lucht Tionscail** | 1. Clár oiliúna tionscail bliantúil a fhorbairt agus a sheachadadh.<br>2. Oibleagáidí i leith an Choiste Chomhairliúcháin um Chosaint Iascaigh Mhara, mar atá sonraithe san Acht Iascaigh Mara agus Dlínse Muir, a chomhlíonadh. | 1. Cultúr comhroinnte faisnéise agus comhairliúcháin idir ÚCIM agus ionadaithe ón tionscal. | 1. Clár arna seachadadh.<br>2. Tuarascáil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an SFP-CC. |
| **Dul i mbun plé le páirtithe leasmhara seachtracha (lena n-áirítear, an Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, An Roinn Cosanta agus an Cabhlach)** | 1. Teagmháil rialta a dhéanamh leis na príomhpháirtithe leasmhara. | 1. Cultúr comhroinnte faisnéise agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara seachtracha. | 1. Cruinniú athbhreithnithe bliantúil leis an Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, an Roinn Cosanta agus an Cabhlach (ar a laghad) nó cruinnithe eile mar a bheidh sonraithe i gconradh seirbhíse/MT. |





# Sprioc 3: Cumarsáid agus Rannpháirtíocht

## Saineolas agus ceannaireacht a léiriú sna hearnálacha iascaigh mhara agus bia mara trí chumarsáid, comhpháirtíocht, abhcóideacht agus comhairle.

| CÚLRA | GNÍOMH | TORADH | ETF |
|---|---|---|---|
| **Cinnte a dhéanamh de go dtuigeann an Pobal / Tomhaltóirí ról an Údaráis i dtéarmaí cosaint iascaigh mhara agus sábháilteacht bia mara** | 1. Plean cumarsáide bliantúil a fhorbairt chun dul i dteagmháil leis an bpobal.<br>2. An plean cumarsáide bliantúil a chur i gcrích. | 1. Feasacht níos fearr ag an bpobal ar ról na heagraíochta maidir le cosaint iascaigh mhara agus sábháilteacht bia mara agus maidir le héascú na trádála bia mara. | 1. Plean cumarsáide bliantúil a fhorbairt chun dul i dteagmháil leis an bpobal faoi dheireadh R1 gach bliain.<br>2. Tuarascáil ar dhul chun cinn a fhoilsiú ar bhonn ráithiúil maidir leis an bplean cumarsáide reatha chun dul i dteagmháil leis an bpobal. |
| **Leanúint de ghaolmhaireacht a fhorbairt le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta um rialú rialaithe** | 1. Clár bliantúil a fhorbairt chun dul i dteagmháil le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta um rialú rialála.<br>2. An clár bliantúil a bhaint amach | 1. Comhpháirtí aitheanta de chuid gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta um rialú rialaithe. | 1. Clár bliantúil a fhorbairt chun dul i dteagmháil le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta um rialú rialaithe faoi dheireadh R1 gach bliain.<br>2. Tuarascáil ar dhul chun cinn a fhoilsiú ar bhonn ráithiúil maidir leis an gclár rannpháirtíochta le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta um rialú rialála. |





AN t-ÚDARÁS UM **CHOSAINT IASCAIGH MHARA**

**SEA-FISHERIES PROTECTION** AUTHORITY

An t-Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara,
Lárionad Bia Mara Náisiúnta,
Príomhoifig, An Cloichín,
Cloich na Coillte, Co Chorcaí,
P85TX47

Head Office,
National Seafood Centre,
Park Road, Clogheen,
Clonakilty, Co. Cork,
P85TX47

**T** +353 23 885 9300
**R** sfpa_info@sfpa.ie

**sfpa.ie**